27 Meitheamh 2017

TUAIRISC BLIANTÚIL AN BHOIRD BAINISTÍOCHTA 2017

Gaelscoil Thaobh na Coille

# Gaelscoil Thaobh na Coille

## Bord Bainistíochta 2015 - 2019

Cathaoirleach : Conor Mac Daid

Cisteoir : Sharon Ní Cheallaigh

Rúnaí : Emer Nic Chonchradha

Ionadaithe an Phatrúin

Conor Mac Daid & Oilibhéar Ó hAodha

Ionadaithe na dTuismitheoirí

Turlach Ó Meachair & Sharon Ní Cheallaigh

Ionadaithe ón bPobal

Lorcán Mac Gabhann & Ailín Ní Dhomhnaill

Príomhoide & Ionadaí Fóirne

Emer Nic Chonchradha & Rónán Mac Niallais

Tháinig 2 athrú ar an mBord Bainistíochta i rith na bliana seo thart. Nuair a d'éirigh Fiona Ní Chléirigh as a post mar mhúinteoir sa scoil b'éigean di seasamh síos ón mBord Bainistíochta agus cheap an fhoireann Rónán Mac Niallais le bheith mar ionadaí na múinteoirí ar an mBord ina háit.
Mar gur bhog Ionadaí na n-athracha, Daithí Ó Murchú agus a chlann siar go Maigh Eo b'éigean toghachán a reachtáil le h-ionadaí na n-athracha a cheapadh. B'é Turlach Ó Meachair *(daidí le Cael R6, Aoibheann R3 & Saoirse N2)* a ceapadh le háit Dhaithí a ghlacadh. Gabhaimíd buíochas leo beirt as seasamh isteach 'sna folúntais sin.

*Two changes were made on the Board of Management during the year. When Fiona Ní Chléirigh retired she had to step down from her role as the teachers representative on the Board and Rónán Mac Niallais was elected by the teaching staff to take her place. We had to hold an election for the father's representative on the Board of Management when Daithí Ó Murchú and his family relocated to Mayo. Turlach Ó Meachair (father of Cael R6, Aoibheann R3 & Saoirse N2) was elected to take his place. We thank them both for taking on these roles.*

## Foireann Múinteoireachta Teaching Staff

Tá bliain fíor-ghnóthach eile curtha dínn againn. N'fheadar cá bhfuil an bhliain imithe chor ar bith? Buíochas leis an bhfoireann ar fad as an dian-obair a rinne siad i mbliana agus as an tacaíocht a thugadar dá chéile agus domsa.
*What an extraordinarily busy year this has been. I don't know where the year has gone. Thanks to all the staff for their hard work and dedication throughout the year and for the continuous support they give each other and to me.*

## Athraithe Fóirne Staff Changes

Bhí roinnt athraithe fóirne againn i rith na bliaina nuair a chuaigh an Múinteoir Fiona Ní Chléirigh ar scor agus nuair a chuaigh An Múinteoir Eavan Ní Mhuirgheasa & An Múinteoir Sadhbh Ní Fhloinn ar shaoire máithreachais. Bhí an t-ádh dearg linn leis na hionadaithe a fuaireamar leis na folúntais sin a líonadh. Buíochas le Treasa Ní Argáin (R5A), Ciara Ní Bháille (R4B) & Brídín Ní Fhearraigh (N1B) as an dian-obair atá déanta acu ó mhí Eanair agus as socrú isteach ar fhoireann na scoile chomh maith agus chomh héascaí agus a rinneadar. Guímíd gach rath orthu don bhliain seo chugainn agus do na blianta fada amach anseo agus iad ag gabháil don mhúinteoireacht.
*We had a couple of staff changes during the school year when An Múinteoir Fiona Ní Chléirigh retired and An Múinteoir Eavan Ní Mhuirgheasa & An Múinteoir Sadhbh Ní Fhloinn both went out on Maternity Leave. We were extremely lucky with the substitute teachers that replaced all three teachers. Thanks to Treasa Ní Argáin (R5A), Ciara Ní Bháille (R4B) & Brídín Ní Fhearraigh (N1B) for all their hard work and for immersing themselves completely & effortlessly into the life of the school. We wish them all the best for next year and for the years ahead as they continue their teaching careers.*

## Báibíní Nua New Babies

Comhghháirdeachas le hEavan & le Sadhbh as breith a n-iníonacha. Tá súil agam go bhfuil sult á bhaint acu beirt as an t-am atá á chaitheamh acu lena mbáibíní nua. Tá súil againn freisin go bhfuil roinnt éigean codlata á fháil acu!
*Congratulations to Eavan & Sadhbh on the birth of their daughters. We hope they are enjoying this special time they are spending with their new babies and also hope they are getting some much needed sleep as well!*

## Ceapacháin Buan Permanent Appointments

Gabhaimíd comhghháirdeachas freisin leis an Múinteoir Caitríona Bairéad & An Múinteoir Oisín Mac Muiris atá ag obair linn sa scoil le cúpla bliain anuas ar chonraidh téarma seasta ach atá anois ceapaithe ar fhoireann bhuan na scoile.
*Congratulations also to An Múinteoir Caitríona Bairéad & An Múinteoir Oisín Mac Muiris who have been working with us for the last couple of years on temporary contracts but who are now permanent members of the school staff.*

Ar lean thall →

## Sos Gairme Career Break

Guímíd gach rath ar An Múinteoir Richeal Ní Thiarnaigh agus í ag glacadh saoire bliana ón scoil le dul ag taisteal. Táimíd in éad go mór leí agus í ag tabhairt faoin mbliain iontach atá roimpi.

*We wish An Múinteoir Richeal Ní Thiarnaigh all the best as she takes a year out from school to travel the world. We are extremely Jealous of the exciting year she has ahead.*

## Ceapacháin do 2017/2018 Appointments

Beidh ceapacháin nua á dhéanamh againn ag tús an tSamhraidh leis na folúntais atá againn (1 ceapachán buan & 2 cheapachán sealadach) a líonadh. Tá súil againn gach rud a bheith in ord agus in eagair faoi dheireadh mí Iúil.

*We will be appointing some extra staff for the coming year - 1 permanent appointment and 2 temporary appointments. We hope to have everything in place by the end of July.*

## Múinteoirí Teachers

Ba mhaith leis an mBord Bainistíochta buíochas ó chroí a ghabháil leis na múinteoirí ar fad a d'oibrigh sa scoil i mbliana as an obair iontach a rinne siad sa scoil an bhliain seo thart 2016/2017. Is liosta le háireamh an méid atá déanta acu i rith na bliana sa seomra ranga agus lasmuigh di agus tá an-chreidiúint ag dul dóibh as ucht a ndíogras, a ndúthracht agus a ndílseacht don scoil.

*We would like to take this opportunity to thank all the teachers who worked in the school for all that they have done during this last school year 2016/2017. They have worked extremely hard both inside and outside the classroom and great credit is due to each and every one of them for their dedication, diligence and commitment to our school.*

## Cúntóirí Riachtanais Speisialta SNA's

Go raibh maith agaibh Orla Ní Shé & Anne-Marie Mhic Lochlainn ár gCRS as a bheith chomh lách, cineálta leis na páistí sa scoil agus as tacú leis na múinteoirí sa seomra ranga agus sa chlós.

*Go raibh maith agaibh Orla Ní Shé & Anne-Marie Mhic Lochlainn our two SNA's for always being kind, gentle and patient with the pupils and supporting the teachers in the classroom & in the yard.*

## Rúnaí Secretary

Buíochas mar is gnáth lenár rúnaí iontach Margaret Uí Ruairc as gach rud a choinneáil in ord agus in eagar in oifig na scoile. Bheimís caillte gan í. Buíochas freisin le Lúsaí Mhic Cnáimhsí a d'oibrigh linn mar rúnaí cúnta i rith na bliana.

*Thanks as ever to our wonderful Rúnaí Margaret Uí Ruairc for keeping the office running so smoothly. We would be absolutely lost without her. Thanks also to Lúsaí Mhic Cnáimhsí who has been working along side her as an assistant secretary.*

## Airíoch Caretaker

Tá an t-ádh dearg linn go bhfuil Colm Mac Giolla Phádraig ag obair ar fhoireann na scoile mar Airíoch. Is an-fhear go deo é.

*We are so lucky to have Colm Mac Giolla Phádraig as our school caretaker. There is very little that Colm cannot do and we are extremely lucky to have him.*



## Coiste na dTuismitheoirí

Buíochas le Coiste na dTuismitheoirí as ucht a dtacaíocht don scoil i rith na bliana. D'eagraigh siad imeachtaí shóisialta agus tiomsaithe airgid don scoil agus thacaigh siad leis an iliomad imeachtaí scoile a i rith na bliana. Bhronn an Coiste €13,000 a thiomsaigh siad i 2016 ar an scoil ag an gcruinniú chinn bhliana i mí Márta. Tá sé i gceist againn athchóiriú beag a dhéanamh ar an seomra dúbalta thuas staighre le gur féidir linn rang bhreise a chuir isteach sa seomra sin an bhliain seo chugainn. Cuideoidh an t-airgead sin linn na hathraithe atá riachtanach a dhéanamh.

*Buíochas le Coiste na dtuismitheoirí for all their help and support again this year. The Coiste organised many social and fundraising activities throughout the year as well as helping out and supporting many other school events. At their AGM in March Coiste na dTuismitheoirí presented the Board with €13,000 they had fundraised during 2016. We plan to make some alterations to our spare room 'library' upstairs in order to turn it into an extra classroom for next year. This money will enable us to do so.*

Buíochas le Clare Langenbach (Cathaoirleach) agus Karen Uí Mháille (Iar-Cathaoirleach) & baill uile an Choiste (coiste reatha & iar-choiste) as an obair ar fad a dhéanann siad go deonach ar son na scoile. Buíochas freisin leis na hionadaithe ranga a thugann tacaíocht agus cabhair dóibh. Déanann siad ar fad sár-obair ar son na scoile agus táimid an-bhuíoch dóibh.

Creidimíd gur páirtnéirí iad na tuismitheoirí i gcomhoideachas na bpáistí agus ba mhaith linn sibh a spreagadh le bheith lán-pháirteach i gcur chun cinn agus i bhforbairt na scoile trí Chumann na dTuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta.

*Buíochas to Clare Langenbach (Cathaoirleach) and Karen Uí Mháille (past Cathaoirleach) and all the Coiste members (past and present) for all the work they do for the school. Coiste na dTuismitheoirí do trojan work, for which we are extremely grateful. Thanks also to the class reps and all other parents who have helped then in one way or another throughout the year.*

I measc na n-imeachtaí a d'eagraigh an Coiste i 2016/2017 bhí

- AGM
- Bronntanas Rúnda
- Díolachán Pancóga
- Cranchur Cásca
- Oíche Shóisialta
- Tráth na gCeist Boird
- Siúlóid Urraithe
- Bricfeasta Céad Chomaoineach/Cóineartú
- Tae/caifé d'oíche na dtusití nua & cuairt na naíonáin
- Lón & Dinnéar do dhaltaí



Ysgol Gymraeg Morswyn

## Bunscoil Oideachas le Chéile Educate Together NS

*As you are all aware building works are in full swing on the site adjacent to the school. The Department of Education is building a 24 classroom school with a two classroom special unit for Stepaside Educate Together NS. As this is a precast building it will go up in no time at all and the building contractors have told us that they are on target for completion in early December.*



*The Department of Education has decided to relocate Stepaside Educate Together Secondary School from DLSP in Kilternan in to prefabs on the site in Belarmine from this September. Once the school building is complete they will share the building with the National School until the Department build them their own school (location as yet unknown).*

*As a Board we are extremely worried about the adverse effects this school's position will have on traffic access in and out of our own school. Considering that the only access and exit for both schools is via Belarmine Vale (which just about accommodates the traffic into Gaelscoil Thaobh na Coille) it looks set to be a serious issue for all of us in the not so distant future.*

*We will be contacting dlr to see what their traffic management plan is for the area, asking them what, if anything they plan to do regarding the restricted access to both sites, the narrow roadway into Belarmine Vale and lack of parking in the area. We would appreciate it if parents highlight this traffic management and road safety issue with our local politicians and county council representatives should the opportunity arise.*

*We have also looked into the opening hours of each school. Unfortunately for us we have the latest opening time of 8.50am. Stepaside ETNS start at 8.30am and Stepaside ETSS start at 8.45am. There is no doubt that this will cause some difficulty, especially in the initial weeks but we are going to have to work together to come up with a solution that helps everyone. We will keep you updated on any future developments.*

## Éiteas Scoile School Ethos

Bunscoil chomhoideachais chaitliceach lán-Ghaeilge
í Gaelscoil Thaobh na Coille

*Gaelscoil Thaobh na Coille is a*
*co-educational catholic All-Irish school*

**Gaeilge**: Tá an Ghaeilge mar theanga lárnach sa phróiseas foghlama, mar theanga teagaisc & mar mheán cumarsáide. Iarrann an Bord ar thuismitheoirí cuidiú linn tré Ghaeilge a labhairt i gcónaí sa chlós agus thart timpeall na scoile. Tá moladh speisialta toillte ag na tuistí a dhéanann tréan iarracht cibé Gaeilge atá acu a úsáid agus iad ar láthair na scoile. Maith sibh! Cuirimíd béim faoi leith sa scoil ar an gcultúr Gaelach agus spreagtar na páistí ina threo. Buíochas leis na múinteoirí a thugann faoin mBanna Ceoil Scoile a riaradh & a fhorbairt. Buíochas freisin le Nuala Ní Eochaidh ár múinteoir rince Gaelach.

***Gaeilge:*** *The Irish language is central not only to the learning process, as the language of instruction but also as the language of communication. We ask parents to speak Gaeilge at all times in the yard and around the school. In Gaelscoil thaobh na Coille special emphasis is placed on all aspects of Irish Culture and we encourage pupils to partake in cultural activities. Buíochas to the múinteoirí who work with the Banna Ceoil Scoile and to Nuala Ní Eochaidh our Irish Dancing teacher.*

**Éiteas Chaitliceach:** Múintear an *creideamh Caitliceach* agus cuirtear í ar fáil mar threoir mhórálta sa scoil. Múintear an clár Beo go Deo i ngach rang. Ullmhaíodh na daltaí do na sacraimintí, An Chéad Fhaoistin, Céad Chomaoineach, Searmanas an tSolais agus an Cóineartú. Buíochas le múinteoirí ranga R2 & R6 Niamh Ní Dhúill & Clíona Seoighe agus Tomas Mac Uileagóid & Deirdre Uí Dhónaill as ucht a gcuid oibre anseo. Buíochas leis an tAthair Leon ó Giolláin as na sacraimintí agus aifrinn scoile a cheiliúradh dúinn. Buíochas freisin le foireann paróiste Áth an Ghainimh as an tacaíocht a thugann siad dúinn.

***Catholic ethos:*** *We teach the Catholic religion and we use it as a source of moral guidance in the school. The Alive-O programme is thought in every class. The pupils were prepared for the sacraments, Sacrament of Reconciliation, First Communion, Service of Light and confirmation. Buíochas to the múinteoirí R2 & R6 Niamh Ní Dhúill & Clíona Seoighe agus Tomas Mac Uileagóid & Deirdre Uí Dhónaill for their work in this regard. Buíochas mór to an tAthair Leon ó Giolláin for celebrating all the sacraments & the school masses for us. Buíochas to all the team in Sandyford Parish for their continued support.*

**Saoire an tSamhraidh *Summer Holidays***

Aoine 30/06/17 @12:00 a chlog

Scoil Dúnta *School Closed* 01/07/17 go 31/08/17

**Scoil ag Ath-oscailt** *School Re-opens*

**Aoine 01/09/2017**

**Fógra i ndáil le hAthbhreithniú an Bhoird Bainistíochta ar an bpolasaí maidir le Caomhnú Leanaí**

*Notification regarding the Board of Management's annual review of the child protection policy*

Chuig:Tuismitheoirí Ghaelscoil Thaobh na Coille

Is mian le Bord Bainistíochta Ghealscoil Thaobh na Coille a chur in iúl:
*The Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille wishes to inform you that:*

- Go ndearnadh athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar pholasaí na scoile maidir le caomhnú leanaí a thabhairt chun críche ag cruinniú an Bhoird ar 19/06/2017 [dáta].
  *The Board of Management's annual review of the school's child protection policy was completed at the Board meeting of 19/06/2017*
- Go ndearnadh an t-athbhreithniú seo de réir an liosta seiceála a leagtar amach in Aguisín 2 le 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' na Roinne.
  *This review was conducted in accordance with the checklist set out in Appendix 2 of the Department's 'Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools'*

Síniú ____________________ Dáta19/06/2017

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú Emer Ní Chonchradha Dáta 19/06/2017

Príomhoide

Aguisín 5 - **Fógra maidir le hathbhreithniú bliantúil an Bhoird Bhainistíochta ar an bPolasaí Frithbhulaíochta**

*Appendix 5 - Notification regarding the Board of Management's annual review of the anti-bullying policy*

**Meitheamh 2017**

Chuig: Tuismitheoirí Ghaelscoil Thaobh na Coille

Is mian le Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille na nithe seo a leanas a chur in iúl duit:
*The Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille wishes to inform you that:*

- Tugadh athbhreithniú an Bhoird Bhainistíochta ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus a fheidhmiú chun críche ag cruinniú an Bhoirden 19/06/2017.
  *The Board of Management's annual review of the school's anti-bullying policy and its implementation was completed at the Board meeting of (see date above).*

Rinneadh an t-athbhreithniú i gcomhréir leis an seicliosta atá leagtha amach i "nGnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile".

*This review was conducted in accordance with the checklist set out in "Anti-Bullying Procedures for Primary and Post-Primary Schools".*

Síniú ____________________ Dáta19/06/2017

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú Emer Ní Chonchradha Dáta 19/06/2017



*N1 ar cuairt ag Feirm Ghleann Rua*



*Lá Spóirt R1 - R6 : Ciara & Ruby R5B*



*R2 ar Shiúlóid Sléibhe suas Sliabh Rua*